# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 37

## Coimirce Shóisialach

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta Vóta 37, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d’ullmhaigh mé an cuntas i gceangal leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, ar sheirbhísí áirithe atá á riar ag an Oifig sin le haghaidh íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus ar dheontais áirithe agu lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgeadteoranta arna riar ag an Oifig sin.

Déantar comparáid idir an t-olltoradh caiteachais agus na suimeanna

- deonaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an méid a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas le haghaidh na bliana, agus
- curtha ar fáil le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil in 2024 as leithreasaí gan chaitheamh ó 2023, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Caithfear farasbarr €95.068 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo é an ráiteas faoi na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta, chomh maith le nótaí 1 go dtí 6.

***Soláthar seirbhísí na gníomhaireachta***

Gníomhaíonn an Roinn mar ghníomhaire íocaíochta de chuid na Roinne Airgeadais chun dliteanais cheadaithe íocaíochtaí cnapshuime pinsinéirí Waterford Crystal agus íocaíochtaí pinsin leanúnacha Waterford Crystal a íoc, faoi alt 48B d’Acht na bPinsean, 1990, arna chur isteach le halt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh.2), 2014. Is í an Roinn a bhainistíonn riarachán agus maoiniú thar ceann na Roinne Airgeadais. Tuairiscíonn an Roinn Airgeadais na suimeanna a íoctar sna Cuntais Airgeadais.

I rith 2024, lean an Roinn ar aghaidh ag gníomhú mar ghníomhaire íocaíochta don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige don Íocaíocht Aitheantais Cóiríochta (ÍAC). Foráiltear leis an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2022 le go mbeadh na híocaíochtaí sin ar fáil in 2024, go maoinítear na híocaíochtaí sin ó Vóta 40 Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus go dtugtar cuntas orthu sa chuntas leithreasa don Vóta sin.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gciorclán 20 de 2024, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, ach amháin mar atá luaite thíos. Déantar foráil leis an gciorclán sin le cur chun feidhme roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta Rialtas Láir (CCRL) a tháinig i bhfeidhm sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2024.

Tá maolú faighte ag Vóta 37 ón gcur chun feidhme ó 2024 maidir le riachtanais aitheantais ioncaim de réir Chiorclán 20 de 2024, agus níl ioncam fabhraithe atá inchurtha i leith costais riaracháin atá inghnóthaithe ón gCiste Árachais Shóisialaigh á thaifead. Tá an maolú sealadach sin bronnta chun tacú le cothú seasta na gcostas riaracháin sa chuntas leithreasa agus i ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh.

Tá luachanna comparáideacha ón mbliain roimhe seo athshonraithe in go leor cásanna chun na hathruithe mar gheall ar thabhairt isteach CCRL a thabhairt le fios.

***Aisghabháil ró-íocaíochtaí***

Déantar cuntas ar aisghabháil fiach maidir le ró-íocaíochtaí scéimeanna ginearálta/liúntas tacaíocht ioncaim mar seo a leanas.

- Tugtar aisghabhálacha airgid agus asbhaintí a fhaightear chun cuntais ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra fiachais ábhartha. Coinnítear méideanna aisghabhála neamh-chomhoiriúnaithe ar fionraí agus cuirtear san áireamh iad mar ioncam le laghdú comhfhreagrach ar fhiachas ar a n-aithint. Ós rud é gurb é Vóta 37 an faighteoir is mó d’fháltais ró-íocaíochtaí, coinnítear fáltais neamh-chomhoiriúnaithe i gcuntas fionraí Vóta 37 ar feitheamh réitigh agus postáil ina dhiaidh sin chuig Vóta 37 nó CÁS de réir mar is cuí.
- Déantar admhálacha neamh-chomhoiriúnaithe atá bliain nó níos sine a chur ar an gcuntas ar bhonn buan nuair a thugtar chun críche gach próiseas meaitseála atá ar fáil.
- Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte maidir le ró-íocaíocht ar íocaíocht scéime na bliana reatha a ghlanluacháil in aghaidh an chaiteachais sa bhliain chuntasaíochta reatha.
- Láimhseáiltear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte maidir le ró-íocaíocht ar íocaíocht scéime na bliana roimhe sin mar ioncam sa bhliain chuntasaíochta reatha.
- Féadfar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte a tuairiscíodh i mbliain/blianta cuntasaíochta roimhe sin a chur ar ceal sa bhliain chuntasaíochta reatha. Gearrtar aisghabhálacha na bliana roimhe a cealaíodh sa bhliain chuntasaíochta reatha in aghaidh chaiteachas na bliana reatha. I gcás ina ndéantar athbhreithniú ar luach ró-íocaíochta a ardaíodh sa bhliain roimhe sin, cuirtear an ró-íocaíocht bhunaidh ar ceal agus ardaítear ró-íocaíocht nua sa bhliain reatha – nuair a tharlaíonn sé sin, déantar an méid a aisghabhtar a mheaitseáil leis an ró-íocaíocht nua agus a thaifeadadh mar ioncam sa bhliain chuntasaíochta reatha.

***Aitheantas na n-íocaíochtaí***

Cuimsíonn íocaíochtaí na suimeanna sin a thagann le linn na híocaíochta i rith na bliana. Meastar méideanna a bheith íoctha nuair a thabhaítear an dliteanas, nuair atá an íocaíocht dlite agus nuair atá treoir na híocaíochta (seic nó ríomhaistriú airgid) tar éis a bheith déanta ar an gcóras bainteach íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí airgid thirim leasa shóisialaigh a dhéantar tríd An Post nuair a eisíoctar iad. Sa chás go dtiteann an gnáthdháta dlite íocaíochta ar lá saoire poiblí, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le híocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh na bliana, is iondúil go n-aithnítear íocaíochtaí a eisítear go luath trí ríomhaistriú airgid ag bainc nó nuair atá tiontú ina airgead go luath ag custaiméirí in oifigí poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí. Eisíonn an Roinn cistí don bhanc lá amháin roimh íocaíochtaí custaiméirí. Tá na híocaíochtaí maoinithe sin san áireamh freisin i réamhíocaíochtaí scéime.

***Bunús an tomhais– dímheas sócmhainní caipitil***

Déantar dímheas maoine, gléasra agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a ghearradh de réir CCRL 17 agus CCRL 31 faoi seach.

Is iad na saolréanna fóinteacha agus rátaí gaolmhara le haghaidh príomhaicmí sócmhainní caipitil ná mar seo a leanas.

| *Aicme Shócmhainne* | *Saolré Fhóinteach* | *Ráta dímheasa/amúchta* |
|---|---|---|
| Bogearraí oibriúcháin móra | 10 mbliana | 10% |
| Bogearraí eile | 5 bliana | 20% |
| Troscán agus feistis | 10 mbliana | 10% |
| Trealamh oifige agus TF | 5 bliana | 20% |

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Agus mé mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aimsítear iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht um Rialú Airgeadais***

Timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith ceaptha ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá gnásanna foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach á gcomhlíonadh agam.
- Tá taifead déanta ar nósanna imeachta um próisis ghnó lárnacha.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearach.
- Go ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmiúchán airgeadais in aghaidh na réamhaisnéise.
- Go bhfuil córas bainistíochta rioscaí á oibriú sa Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn, agus pearsanra atá oilte go cuí aici, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh, agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú i gcomhpháirt agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhunús rollach, le linn tréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca araon athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta bunaithe agam chun a chinntiú go ndéantar moltaí iniúchta inmheánaigh a leanúint.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. Tá sonraí maidir le 10 gconradh neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil do 2024 maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de 28 conradh (os cionn €25,000), caiteachas iomlán de €3,332,515 (gan CBL) in 2024 mar atá leagtha amach thíos.

- Bhain luach conartha a bhí cothrom le €130,324 in 2024 le haghaidh conradh bliana do Zovy Archive Support. Foilsíodh tairiscint i R1 2025 agus tá conradh nua i bhfeidhm ó mhí Iúil 2025.
- Bhain caiteachas iomlán €2,698,510 in 2024 le fiche trí conradh a bronnadh chun an tSeirbhís Infhostaitheachta a sheachadadh. Cuireadh tús le conarthaí nua ar mhaithe le dhá chonradh is fiche de na conarthaí sin i mí Aibreáin 2024.
- Bhain caiteachas iomlán €455,231 le dhá chonradh shealadacha le haghaidh Bainisteoirí Brainse in oifigí Brainse Mhainistir na Corann agus Ros Cré in 2024. Tharla próisis earcaíochta iomlána in 2024, agus tá conarthaí nua i bhfeidhm ó mhí Lúnasa 2024.
- Bhain caiteachas €39,200 le conradh chun críoch taighde margaidh agus suirbhéanna in 2024. Tugadh cuireadh chun tairisceana le haghaidh na seirbhíse in athuair, agus cuireadh tús le conradh nua in R2 2024.
- Bhain caiteachas €9,250 in 2024, le conradh a tugadh chun an riosca a bhaineann le cibearbhagairtí a laghdú.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Roinn, agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus an fhreagracht as oibriú rialuithe a leagtar ar bhaill foirne ar leith a mhaolú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Obair chumaisc***

Tá obair chumaisc ar bun sa Roinn ó mhí Mheán Fómhair 2022. Tá Beartas Oibre Cumaisc na Roinne - atá forbartha i gcomhréir le Creat Beartais don Obair Chumaisc in Eagraíochtaí Státseirbhíse - treoraithe ag an bprionsabal uileghabhálach nach mór dúinn leanúint de bheith ar fáil dár gcustaiméirí agus de bheith ag freastal orthu. Mar riachtanas, ciallaíonn sé sin nach féidir le hobair chumaisc oibriú i ngach cás do gach ról nó gach ball foirne.

In 2024, as an timpeall 7,300 lucht oibre (líon daoine), d’oibrigh 40% san oifig go lánaimseartha, d’oibrigh 12% go cianda ar feadh lá amháin nó níos lú in aghaidh na seachtaine, d’oibrigh 20% go cianda ar feadh dhá lá in aghaidh na seachtaine, d’oibrigh 16% go cianda ar feadh trí lá in aghaidh na seachtaine agus d’oibrigh 12% go cianda ar feadh ceithre lá in aghaidh na seachtaine.

Chun riosca sáruithe ar shonraí a mhaolú eisítear ríomhairí glúine atá criptithe don fhoireann go léir. Deimhnítear céannacht na foirne le hainm úsáideora agus pasfhocal araon roimh rochtain ar aon chóras de chuid na Roinne. Faightear rochtain ar líonra príobháideach fíorúil (VPN) criptithe.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Ceanglaítear de réir an dlí ar an gCiste Árachais Shóisialaigh suimeanna a íoc nó a sholáthar chuig Vóta 37 maidir le haon chustaiméir a bhfuil scéimeanna pinsean neamhranníocach Stáit nó liúntas cuardaitheora poist á fháil acu de réir tástála acmhainne, agus a bhfuil iarratas déanta acu freisin ar, nó a bhfuil teidlíocht bhunúsach acu ar, scéim sochair atá aistarraingthe nó a bhfuil deireadh curtha leis. Sna cásanna seo, faigheann an t-éilitheoir an íocaíocht de réir tástála acmhainne ar luach níos airde, agus tá teidlíocht chomhfhreagrach na scéime sochair iníoctha ag an gCiste. Déantar an méid comhiomlán atá iníoctha ag an gCiste a chreidiúnú ansin sa scéim pinsin neamhranníocach i Vóta 37.

Bhí an Roinn tar éis meastachán cuntasaíochta de luach comhiomlán na n-aistrithe sin a chruthú bunaithe ar anailís stairiúil, mar gheall nach raibh teacht ar eolas a bhí cruthaithe ag sainchóras.

Meastar go soláthróidh uirlis tuairiscithe, atá á forbairt faoi láthair, faisnéis níos cruinne agus níos tráthúla don Roinn chun meastachán cuntasaíochta luach comhiomlán na n-aistrithe sin a fheabhsú. Glactar leis go mbeidh an cruinneas feabhsaithe le feiceáil sna haistrithe a ndéanfar taifead orthu i ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh agus i gcuntais leithreasa Vóta 37 ó 2025 ar aghaidh.

Bhí an luach reatha a aistríodh ón gCiste agus a cuireadh chun sochair don Vóta in 2024 díreach faoi bhun €100 milliún. Léiríonn torthaí tosaigh ón uirlis tuairiscithe nua, atá á forbairt, go bhfuil an luach athbhreithnithe atá le haistriú ón gCiste agus le cur chun sochair don Vóta i leith 2024 thart ar €159 milliún. Is dócha gur tharla gearríocaíochtaí den chineál céanna in 2022 agus 2023. (Bheadh aon tionchar carnach a bheadh mar thoradh ar aon ghearríocaíochtaí chuig an Vóta roimh 2022 curtha as an áireamh ag fóirdheontas an Chiste ag an Vóta in 2021.)

Tá sé i gceist ag an Roinn nuair atá tástáil déanta ar an uirlis tuairiscithe agus imscartha, aistriú aonuaire a dhéanamh ón gCiste agus luach carnach na n-aistrithe sin do 2022, 2023 agus 2024 a chreidiúnú don Vóta. Nochtann Nóta 2.6. sócmhainn theagmhasach maidir leis an ábhar sin.

Tá caiteachas comhcheangailte an Chiste agus Vóta 37 cruinn agus iomlán do na blianta uile lena mbaineann agus níor cuireadh isteach ar íocaíochtaí le custaiméirí.

Níor aithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2024 a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasaithe.

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
Coimirce Sóisialaí

19 Meán Fómhair 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 37 Choimirce Shóisialach
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Choimirce Shóisialach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 37 Choimirce Shóisialach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Choimirce Shóisialac agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh***

Luaitear i gCaibidil 16 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* do 2024 na híocaíochtaí leasa shóisialaigh de bhreis ar theidlíocht faoi scéimeanna arna n-oibriú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Measaim go bhfuil leibhéal measta na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh neamhrialta ábhartha do Vóta 37, mar a mhínítear sa chaibidil.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh leibhéal ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2024.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

## Vóta 37 um Choimirce Shóisialach

### Cuntas Leithreasa 2024

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir:** | | | | | |
| **Scéimeanna cúnaimh shóisialta, seirbhísí, agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| Riarachán | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 648,243 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,688) | | | |
| | | | 642,555 | 626,532 | 599,999 |
| Pinsin | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,269,753 | | | |
| | *Forlíontach* | 72,786 | | | |
| | | | 1,342,539 | 1,335,726 | 1,229,282 |
| Aois oibre – tacaíochtaí ioncaim | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 3,003,641 | | | |
| | *Forlíontach* | (14,712) | | | |
| | | | 2,988,929 | 2,936,541 | 2,802,265 |
| Aois oibre – tacaíochtaí fostaíochta | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 655,217 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,533 | | | |
| | | | 660,750 | 660,620 | 622,557 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 3,952,791 | | | |
| | *Forlíontach* | 353,150 | | | |
| | | | 4,305,941 | 4,310,157 | 3,893,697 |
| Leanaí | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 2,818,593 | | | |
| | *Forlíontach* | 437,555 | | | |
| | | | 3,256,148 | 3,234,994 | 3,035,029 |
| Íocaíochtaí forlíontacha, etc | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 547,975 | | | |
| | *Forlíontach* | 76,513 | | | |
| | | | 624,488 | 622,350 | 616,641 |
| Fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh | | | — | — | — |

| | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas comhlán** | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 12,896,213 | | | |
| *Forlíontach* | 925,137 | | | |
| | | **13,821,350** | **13,726,920** | **12,799,470** |
| *Bain* | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 327,072 | | | |
| *Forlíontach* | 49,914 | | | |
| | | **376,986** | **379,004** | **311,795** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 12,569,141 | | | |
| *Forlíontach* | 875,223 | | | |
| | | **13,444,364** | **13,347,916** | **12,487,675** |

**Barrachas**

Caithfear farasbarr an mhéid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, d'fhéadfaí cuid de leithreasaí ar bith nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil, nó an méid go léir, a thabhairt ar aghaidh le caiteamh an bhliain dár gcionn. Rinneadh €1.38 milliún leithdháiltí caipitil nár caitheadh a chuir ar aghaidh go dtí 2025 (féach nóta 6.5).

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 96,447,577 | 114,481,115 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | 1,380,000 | — |
| **Farasbarr le tabhairt suas** | **95,067,577** | **114,481,115** |

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
Coimirce Sóisialaí

19 Meán Fómhair 2025

# Nótaí ag gabháil leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas Costas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 13,100,388 | 12,199,471 |
| Pá | | 370,558 | 343,659 |
| Neamhphá | | 255,974 | 256,340 |
| **Caiteachas comhlán** | | **13,726,920** | **12,799,470** |
| *Bain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **379,004** | **311,795** |
| **Glanchaiteachas** | | **13,347,916** | **12,487,675** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (5,331) | | |
| Dímheas | 2,820 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 423 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (34,377) | | |
| Amúchadh | 29,042 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 657 | | |
| | | (6,766) | 218 |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (5,311) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 20,080 | | |
| | | 14,769 | (2,663) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **13,355,919** | **12,485,230** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 93,340 | 123,379 |
| Measchíosanna [a] | | 14,201 | 14,198 |
| **Glanchostas an chláir** | | **13,463,460** | **12,622,807** |

Nóta [a] Baineann measchíosanna le Vóta 37 agus leis an gCiste Árachais Shóisialaigh.

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Cuimsíonn glanmhéid chaiteachas na seirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 37 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|---|
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim [a] | 366 | 708 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir [b] | 74,940 | 104,616 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 17,021 | 17,079 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 704 | 743 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 133 | 124 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 96 | 42 |
| An Príomhchiste – Pinsin na nAirí | | 80 | 67 |
| | | **93,340** | **123,379** |

Nóta

[a] Ní áirítear leis na costais a thabhaíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar riaradh scéimeanna Covid-19 thar ceann na Roinne. Rinneadh oibriú na scéimeanna seo a chomhtháthú go hiomlán laistigh de chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.

[b] Tá an laghdú ó 2023 go 2024 mar thoradh ar thús a chur le haitheantas a thabhairt don íocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh go díreach chuig an Státchiste, maidir le haoisliúntais agus liúntais scoir ball foirne atá ag obair leis na scéimeanna Ciste.

## Nóta 2 Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Caipitil** | | | |
| Réadmhaoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 10,097 | 8,050 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 130,794 | 122,968 |
| | | **140,891** | **131,018** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 70,881 | 65,570 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 148,795 | 202,340 |
| | | **219,676** | **267,910** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 109,456 | 153,610 |
| Costais fhabhraithe | 2.7 | 79,937 | 59,857 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.8 | 37,850 | 43,930 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.9 | 1,489 | 4,800 |
| | | **228,732** | **262,197** |
| **Glan-shócmhainní reatha (dliteanais)** | | **(9,056)** | **5,713** |
| **Glansócmhainní** | | **131,835** | **136,731** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniúcháin Stáit** | 2.10 | **131,835** | **136,731** |

## 2.1 Maoin, fearas agus trealamh [a]

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige agus TF | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil [b]** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 3,961 | 19,221 | 23,182 |
| Breiseanna | — | 5,331 | 5,331 |
| Diúscairtí | (1,106) | (3,664) | (4,770) |
| Coigeartú | (31) | — | (31) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 2,824 | 20,888 | 23,712 |
| | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 3,282 | 11,850 | 15,132 |
| Dímheas don bhliain | 270 | 2,550 | 2,820 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,084) | (3,263) | (4,347) |
| Coigeartú | 10 | — | 10 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 2,478 | 11,137 | 13,615 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **346** | **9,751** | **10,097** |
| Ar 31 Nollaig 2023 | 679 | 7,371 | 8,050 |

Nóta [a] Áirítear leis sin sócmhainní áirithe a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2021 ar luach níos lú ná €10,000.

[b] Thug athbhreithniú ar an gclár aimhrialtacht neamhábhartha maidir le troscán agus feistis le fios a raibh laghdú €21,000 ar ghlansócmhainní mar thoradh air.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí faighte agus forbartha [a] | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 218,532 | 15,770 | 234,302 |
| Coigeartuithe [b] | — | 3,148 | 3,148 |
| Breiseanna | 793 | 33,584 | 34,377 |
| Diúscairtí | (17,730) | — | (17,730) |
| Aistriú | 30,593 | (30,593) | — |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 232,188 | 21,909 | 254,097 |
| | | | |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 111,334 | — | 111,334 |
| Amúchadh don bhliain | 29,042 | — | 29,042 |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | (17,073) | — | (17,073) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 123,303 | — | 123,303 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **108,885** | **21,909** | **130,794** |
| Ar 31 Nollaig 2023 | 107,198 | 15,770 | 122,968 |

Nóta [a] Is é glanluach de réir na leabhar bogearraí faighte sa chatagóir sin agus €727,000 (2023: €0).

[b] Rinneadh coigeartuithe ar fiú €3.15 milliún iad ar shócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt (IAUD) mar

- Go ndearnadh caiteachas caipitil IAUD a tabhaíodh sna blianta roimhe seo a rangú go mícheart mar chaiteachas neamhchaipitil (€5.63 milliún), agus
- Go ndearnadh caiteachas neamhchaipitil IAUD a tabhaíodh sna blianta roimhe seo a rangú go mícheart mar chaiteachas caipitil (€2.48 milliún).

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Iarmhéideanna roimh ré An Post [a] | 168,715 | 148,316 |
| Iarmhéideanna PMG (rótharraingt) | (279,619) | (305,557) |
| Iarmhéid cuntas bainc tráchtála | 1,448 | 3,631 |
| | **(109,456)** | **(153,610)** |

Nóta [a] Mar ghníomhaire íocaíochta scéime, tá An Post réamh-mhaoinithe le Vóta 37 agus leis an gCiste Árachais Shóisialaigh chun dliteanais chaiteachais na Roinne a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Ag deireadh 2024, ba é €286 milliún an t-iarmhéid comhcheangailte a bhí ag An Post maidir le Vóta 37 agus leis an gCiste. Ba é an comh-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2023 ná €260.3 milliún.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí sonracha cláir [a] | 65,531 | 60,957 |
| Tacaíocht do bhogearraí | 5,139 | 4,007 |
| Riarachán | 211 | 606 |
| | **70,881** | **65,570** |

Nóta [a] Cuireann an Roinn réamh-mhaoiniú ar fáil do roinnt eagraíochtaí a chuireann scéimeanna ar fáil. Cuirtear airleacain ar fáil do scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Tionscnaimh Poist sula dtosaíonn siad chun costais tosaigh a chlúdach, agus déantar iad a fhorchúiteamh go ginearálta laistigh de 12 mhí óna n-eisiúint. Soláthraítear cúlchnapanna le haghaidh sreabhadh airgid do Sheirbhísí Fostaíochta Poiblí (SFP) ar conradh chun costais leanúnacha a chlúdach, agus déantar iad a réiteach ar bhonn leanúnach le gach íocaíocht a dhéantar. Baineann an t-airgead sin le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airleacain do An Post le haghaidh caiteachas postais | 1,007 | 1,007 |
| Airleacain chuig Pobal | 7,062 | 6,277 |
| Airleacain chuig OOP | 525 | — |
| Na Coimisinéirí Ioncaim [a] | 207 | 630 |
| Réamhíocaíochtaí scéime [b] | 105,487 | 169,009 |
| Fionraí dochair eile | 1,861 | 2,075 |
| Dlite ó CÁS maidir le [c] | | |
| • Fáltais a bhaineann le Vóta a gnóthaíodh trí CÁS | 19,049 | 14,536 |
| • íocaíochtaí trí Vóta thar ceann CÁS | 13,204 | 8,737 |
| • íocaíochtaí óinchiste is infhaighte ó CÁS | 393 | 69 |
| | **148,795** | **202,340** |

Nóta [a] Baineann iarmhéideanna atá á gcoimeád ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta agus leis an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá.

[b] Is éard is réamhíocaíochtaí scéime ann ná íocaíochtaí scéime a dhéantar sa bhliain nach ngearrtar sa bhliain reatha.

[c] Íocaíochtaí scéime amháin. Níl costais riaracháin san áireamh ansin.

## 2.6 Sócmhainn theagmhasach

Tá sé mar cheangal ar an Roinn suimeanna a aistriú ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) chuig Vóta 37 maidir le haon chustaiméir a bhfuil pinsean neamhranníocach Stáit nó liúntas cuardaitheora poist á fháil acu, agus a bhfuil iarratas déanta acu freisin ar, nó a bhfuil teidlíocht bhunúsach acu ar, scéim sochair atá aistarraingthe nó a bhfuil deireadh curtha leis. Sna cásanna sin, ní mór don CÁS aistriú chuig Vóta 37 luach an tsochair a bheadh iníoctha. Tá taifead déanta ar mheastachán cuntasaíochta ar luach 2024 atá dlite ag an CÁS i ráitis airgeadais CÁS agus i gcuntas leithreasa Vóta 37 araon, agus é déanta ar bhunús stairiúil.

Meastar go soláthróidh uirlis tuairiscithe, atá á forbairt faoi láthair, faisnéis níos cruinne agus níos tráthúla ar fáil don Roinn chun meastachán cuntasaíochta luach comhiomlán na n-aistrithe sin a fheabhsú. Glactar leis go mbeidh an cruinneas feabhsaithe le feiceáil sna haistrithe a ndéanfar taifead orthu i ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh agus i gcuntais leithreasa Vóta 37 ó 2025 ar aghaidh.

Bhí an luach reatha a aistríodh ón gCiste agus a cuireadh chun sochair don Vóta in 2024 díreach faoi bhun €100 milliún. Léiríonn torthaí tosaigh ón uirlis tuairiscithe nua, atá á forbairt, go bhfuil an luach athbhreithnithe atá le haistriú ón gCiste agus le cur chun sochair don Vóta i leith 2024 thart ar €159 milliún. Is dócha gur tharla gearríocaíochtaí den chineál céanna in 2022 agus 2023. (Bheadh aon tionchar carnach a bheadh mar thoradh ar aon ghearríocaíochtaí chuig an Vóta roimh 2022 curtha as an áireamh ag fóirdheontas an Chiste ag an Vóta in 2021.)

Tá sé i gceist ag an Roinn nuair atá tástáil déanta ar an uirlis tuairiscithe agus imscartha, aistriú aonuaire a dhéanamh ón gCiste agus luach carnach na n-aistrithe sin do 2022, 2023 agus 2024 a chreidiúnú don Vóta.

Tá an tsócmhainn ar choinníoll, ag an am seo, toisc nach bhfuil an uirlis tuairiscithe tástáilte agus imscartha go hiomlán, agus ní féidir í a thomhas le hiontaofacht leordhóthanach go dtí go mbeidh forbairt agus tástáil na huirlise tuairiscithe críochnaithe.

## 2.7 Costais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fabhruithe sonracha cláir [a] | 53,431 | 51,164 |
| Fabhruithe a bhaineann le párolla [b] | 17,106 | — |
| Fabhruithe eile | 5,116 | 5,595 |
| Seirbhísí TF agus tacaíocht | 2,252 | 1,712 |
| Speansais riaracháin | 2,032 | 1,386 |
| | **79,937** | **59,857** |

Nóta [a] Airgead atá dlite d'eagraíochtaí a sholáthraíonn Fostaíocht Phobail, Tionscnamh Poist agus Seirbhísí Fostaíochta Poiblí (SFP) ar conradh thar ceann na Roinne. Baineann an t-airgead sin le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

[b] Fabhruithe párolla agus saoire a bhaineann le CCRL 39A (féach nóta 2.15).

## 2.8 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,616 | 3,610 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 3,201 | 3,148 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 715 | 778 |
| Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla | 5,167 | 4,619 |
| Cáin bhreisluacha | 92 | 213 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 1,135 | 1,185 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 32 | 37 |
| Fáltais bhreise Státchiste | 1 | — |
| | 13,959 | 13,590 |
| | | |
| Asbhaintí párolla | 2,135 | 2,161 |
| Dlite do CÁS i ndáil le [a] | | |
| • íocaíochtaí trí CÁS thar ceann Vóta | 2,392 | 3,387 |
| • íocaíochtaí óinchiste a fuarthas ó CÁS | — | 10,317 |
| Aisghabhálacha ró-íocaíochta neamh-chomhoiriúnaithe | 2,297 | 2,894 |
| Aisghabháil fiachais thar ceann tíortha eile de chuid an AE | 169 | 166 |
| Dlite do OOP | — | 168 |
| Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige[b] | 15,736 | 10,285 |
| Nithe sochair fionraí eile | 1,162 | 962 |
| | **37,850** | **43,930** |

Nóta [a] Íocaíochtaí scéime amháin. Níl costais riaracháin san áireamh ansin.

[b] Dlite do Vóta 40 maidir leis an Scéim Íocaíochta Aitheantais Cóiríochta

## 2.9 Glanmhaoiniú an Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 95,068 | 114,481 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | 1,380 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (94,959) | (109,681) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **1,489** | **4,800** |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna eile dochair | 148,795 | 202,340 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (109,456) | (153,610) |
| Dlite don Stát | (13,959) | (13,590) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (23,891) | (30,340) |
| | (147,306) | (197,540) |
| | **1,489** | **4,800** |

## 2.10 Cuntas maoiniúcháin Stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 136,731 | 133,438 |
| | | | | |
| Íocaíochtaí Amach ón Vóta | | | | |
| Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Cuntas | 13,444,364 | | |
| Le géilleadh – Suim Iarchurtha | Cuntas | (1,380) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (95,068) | | |
| Glanvóta | | | 13,347,916 | 12,487,675 |
| | | | | |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 93,340 | 123,379 |
| Míreanna neamhairgid | | | | |
| Glanchoigeartaithe sócmhainní caipitil | 2.1/2.2 | 3,107 | | |
| Measchíos | 1 | 14,201 | | |
| | | | 17,308 | 15,046 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (13,463,460) | (12,622,807) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **131,835** | **136,731** |

## 2.11 Gealltanais

| amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| **a) Gealltanais uilíocha**[a] | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | — | — |
| Caiteachas ar dheontais neamh-chaipitil | 126,967 | 59,367 |
| Tionscadail chaipitil | — | — |
| **Iomlán na ngealltanas atá infhorghníomhaithe le dlí** | **126,967** | **59,367** |

Nóta [a] Tá soláthar earraí agus seirbhísí agus gealltanais maidir le tionscnaimh chaipitil le haghaidh 2023 athshonraithe le go mbeadh ceanglais maidir le ciorclán 20/2024 á gcomhlíonadh.

| **b) Cláir deontais neamhchaipitil** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh 1 Eanáir | 59,367 | 56,106 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (175,802) | (98,963) |
| Ceangaltais deontais nua | 243,402 | 102,224 |
| Deontais curtha ar ceal | — | — |
| **Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig** | **126,967** | **59,367** |

## 2.12 Dliteanais aibithe

| amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach n-urscaoiltear ag deireadh na bliana | **469** | **93** |

## 2.13 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le 57 cás dlí a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níltear cinnte faoi mhéid ná tráth na ndliteanas féideartha sin.

## 2.14 Léasanna

Níl aon léasanna airgeadais nó oibriúcháin i bhfeidhm laistigh den Roinn le linn 2024.

## 2.15 Tionchar athruithe ar bheartas cuntasaíochta in 2024

Rinneadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta rialtas láir (CCRL) a chur i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Tá an tionchar seo a leanas ar iarmhéid cistithe an Stáit ag an gcur i bhfeidhm sin.

| | **2024** |
|---|---|
| | **€000** |
| Fabhrú párolla[a] | (9,055) |
| Fabhrú saoire[a] | (8,051) |
| | **(17,106)** |

Nóta [a] CCRL 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá gach caiteachas riaracháin atá curtha i leataobh le haghaidh Vóta 37 curtha i leith aon chláir amháin.

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Olltoradh | | Olltoradh |
| | | | €000 | €000 | | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 373,472 | | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | | | | |
| | | | 375,472 | 370,558 | | 343,659 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 3,917 | | | | |
| | *Forlíontach* | (417) | | | | |
| | | | 3,500 | 3,490 | | 3,035 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 2,630 | | | | |
| | *Forlíontach* | (126) | | | | |
| | | | 2,504 | 2,275 | | 13,409 |
| iv | Seirbhísí oibríochta, soláthairtí agus fearais éagsúla | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 36,769 | | | | |
| | *Forlíontach* | (7,412) | | | | |
| | | | 29,357 | 27,031 | | 14,998 |
| v | Infheistíocht caipitil dhigitigh agus speansais TF | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 111,254 | | | | |
| | *Forlíontach* | (3,000) | | | | |
| | | | 108,254 | 107,053 | | 72,703 |
| vi | Costais áitreabh | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 23,370 | | | | |
| | *Forlíontach* | 125 | | | | |
| | | | 23,495 | 19,315 | | 18,250 |
| vii | Athbhreithnithe ar bheartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 4,021 | | | | |
| | *Forlíontach* | (1,906) | | | | |
| | | | 2,115 | 2,182 | | 499 |
| viii | Íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 92,810 | | | | |
| | *Forlíontach* | 5,048 | | | | |
| | | | 97,858 | 94,628 | | 111,250 |
| — | *Tionscadail bhainteacha ríomhrialtais* | | — | — | | *22,196* |
| | | | **642,555** | **626,532** | | **599,999** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tá leagtha amach anseo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**iv Seirbhísí oibríochta, soláthairtí agus fearais éagsúla**

*Soláthar meastacháin €36.769 milliún; olltoradh €27.031 milliún*

Is amhlaidh go bhfuil an gannchaitheamh de €9.738 milliún i gcomparáid le soláthar sna meastacháin de thoradh go príomha caiteachas níos ísle ar chumarsáid toisc gur cuireadh ar ceal roinnt feachtais faisnéise a bhí ceaptha do 2024, ach a athsceidealaíodh go 2025. Bhain glanchaitheamh maidir le caiteachas ar aistriúchán agus ateangaireacht de bharr tráthúlacht agus admháil sonrasc agus laghdú san éileamh ar sheirbhísí ateangaireachta Úcráinise seachtracha.

**vii Athbhreithnithe ar bheartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde**

*Soláthar meastacháin €4.021 milliún; olltoradh €2.182 milliún*

Is amhlaidh go bhfuil an gannchaitheamh sin de €1.839 milliún i gcomparáid le soláthar sna meastacháin de thoradh, go príomha, an deacracht meastachán a dhéanamh roimh an bpróiseas tairisceana, ar an gcostas a mheasfar a bhaineann le tionscadail chomhairleachta atá dírithe ar bheartas, chomh maith le níos lú tionscadail ná mar a ceapadh roimhe seo. Ina theannta sin, níor bhain an costas iomlán a ndearnadh soláthar dó sa bhuiséad le tionscadal amháin a tugadh chun críche in rith na bliana.

## Clár A Scéimeanna cúnaimh shóisialta, seirbhísí, íocaíochtaí chuig an gCiste Árachais Sóisialaigh

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 373,472 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | | | |
| | | | 375,472 | 370,558 | 343,659 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 274,771 | | | |
| | *Forlíontach* | (7,688) | | | |
| | | | 267,083 | 255,974 | 256,340 |
| **Pinsin** | | | | | |
| A.3 | Pinsean Stáit (Neamhranníocach) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,269,753 | | | |
| | *Forlíontach* | 72,786 | | | |
| | | | 1,342,539 | 1,335,726 | 1,229,282 |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim** | | | | | |
| A.4 | Liúntas Cuardaitheora Poist | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,972,708 | | | |
| | *Forlíontach* | (78,930) | | | |
| | | | 1,893,778 | 1,852,511 | 1,822,630 |
| A.5 | Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 723,621 | | | |
| | *Forlíontach* | 28,162 | | | |
| | | | 751,783 | 752,835 | 679,837 |
| A.6 | Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 11,981 | | | |
| | *Forlíontach* | 477 | | | |
| | | | 12,458 | 12,856 | 12,388 |
| A.7 | Liúntas Banchéile Thréigthe | | 392 | 386 | 450 |
| A.8 | Íocaíochtaí Bunúsacha Liúntas Leasa Forlíontach | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 132,290 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,442) | | | |
| | | | 130,848 | 127,908 | 121,378 |

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.9 | Cúnamh Feirme | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 50,934 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,089 | | | |
| | | | 53,023 | 52,054 | 53,939 |
| A.10 | Íocaíochtaí Riachtanas Breise | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 68,630 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,100 | | | |
| | | | 76,730 | 72,020 | 71,631 |
| A.11 | Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim Eile | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 43,085 | | | |
| | *Forlíontach* | 26,832 | | | |
| | | | 69,917 | 65,971 | 40,012 |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta** | | | | | |
| A.12 | Clár Fostaíochta Pobail | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 350,575 | | | |
| | *Forlíontach* | 16,815 | | | |
| | | | 367,390 | 369,219 | 340,783 |
| A.13 | Scéim Shóisialta Tuaithe | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 52,246 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,689 | | | |
| | | | 53,935 | 51,399 | 49,915 |
| A.14 | Tús | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 90,646 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,747) | | | |
| | | | 87,899 | 84,390 | 83,402 |
| A.15 | Tionscnamh Post | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 11,142 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,324) | | | |
| | | | 9,818 | 9,751 | 10,692 |
| A.16 | An Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 33,021 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,769) | | | |
| | | | 30,252 | 30,224 | 29,797 |
| A.17 | Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 35,729 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,960) | | | |
| | | | 29,769 | 32,367 | 31,018 |

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.18 | JobsPlus | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 3,521 | | | |
| | *Forlíontach* | (926) | | | |
| | | | 2,595 | 2,597 | 3,579 |
| A.19 | An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla | | 1 | — | 21 |
| A.20 | Clubanna Fostaíochta | | 1 | — | — |
| A.21 | Clár Socrúcháin Taithí Oibre | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 6,378 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,881) | | | |
| | | | 3,497 | 3,314 | 2,914 |
| A.22 | Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta | | 5,956 | 5,131 | 5,401 |
| A.23 | Scéimeanna na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí ar Conradh (SFP) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 65,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,486 | | | |
| | | | 67,486 | 70,646 | 58,772 |
| A.yy | Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 (SFSP) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1 | | | |
| | *Forlíontach* | 99 | | | |
| | | | 100 | 41 | 210 |
| A.zz | Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPF) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,051 | | | |
| | | | 2,051 | 1,541 | 6,053 |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | | | | |
| A.24 | Liúntas Míchumais | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 2,183,957 | | | |
| | *Forlíontach* | 215,232 | | | |
| | | | 2,399,189 | 2,408,096 | 2,174,825 |
| A.25 | Pinsean na nDall | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 13,129 | | | |
| | *Forlíontach* | 935 | | | |
| | | | 14,064 | 13,470 | 13,076 |

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.26 | Liúntas Cúramóra | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,146,478 | | | |
| | *Forlíontach* | 61,879 | | | |
| | | | 1,208,357 | 1,202,533 | 1,082,450 |
| A.27 | Liúntas Cúraim Baile | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 273,790 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,773 | | | |
| | | | 284,563 | 288,095 | 259,243 |
| A.28 | Deontas Tacaíochta Cúramóra | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 290,454 | | | |
| | *Forlíontach* | 64,374 | | | |
| | | | 354,828 | 351,215 | 331,961 |
| A.29 | Scéim Fóirdheontas Pá | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 25,603 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,696) | | | |
| | | | 22,907 | 23,465 | 22,096 |
| A.30 | Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 19,380 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,653 | | | |
| | | | 22,033 | 23,283 | 10,046 |
| **Leanaí** | | | | | |
| A.31 | Sochar Linbh | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 2,166,093 | | | |
| | *Forlíontach* | 404,768 | | | |
| | | | 2,570,861 | 2,555,122 | 2,428,495 |
| A.32 | Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 375,974 | | | |
| | *Forlíontach* | 42,950 | | | |
| | | | 418,924 | 420,881 | 392,061 |
| A.33 | An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 11,398 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,969) | | | |
| | | | 9,429 | 9,560 | 10,139 |

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Olltoradh | | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.34 | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 65,206 | | | | |
| | *Forlíontach* | (8,527) | | | | |
| | | | 56,679 | 57,109 | | 86,036 |
| A.35 | Béilí Scoile | | 190,100 | 181,431 | | 108,715 |
| A.36 | Íocaíochtaí Eile Bainteach le Leanaí | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 9,822 | | | | |
| | *Forlíontach* | 333 | | | | |
| | | | 10,155 | 10,891 | | 9,583 |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, gníomhaireachtaí agus seirbhísí ilghnéitheacha** | | | | | | |
| A.37 | Forlíonadh Cíosa | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 51,961 | | | | |
| | *Forlíontach* | 4,037 | | | | |
| | | | 55,998 | 57,419 | | 62,861 |
| A.38 | Liúntas Tacaíochta Teileafóin | | 9,201 | 8,904 | | 8,712 |
| A.39 | Pacáiste Sochar Teaghlaigh | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 91,081 | | | | |
| | *Forlíontach* | 4,480 | | | | |
| | | | 95,561 | 100,476 | | 92,941 |
| A.40 | Saorthaisteal | | 103,500 | 96,622 | | 92,577 |
| A.41 | Liúntas Breosla | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 217,468 | | | | |
| | *Forlíontach* | 67,706 | | | | |
| | | | 285,174 | 285,593 | | 286,435 |
| A.42 | Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | | 61,495 | 61,718 | | 59,184 |
| A.43 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 13,269 | | | | |
| | *Forlíontach* | 290 | | | | |
| | | | 13,559 | 11,618 | | 13,931 |
| A.44 | Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 | | — | — | | — |
| | | | **13,821,350** | **13,726,920** | | **12,799,470** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Léiríonn an méid seo a leanas na cúiseanna a bhfuil éagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas neamhriaracháin cláir (+/- 0.1% den leithreasú comhlán de réir vóta i.e. éagsúlachtaí de réir fo-cheannteideal os cionn €13.8 million in 2024).

**A.3 Pinsean Stáit (Neamhranníocach)**

*Soláthar meastacháin €1,269.753 milliún; olltoradh €1,335.726 milliún*

Is amhlaidh go bhfuil an róchaitheamh sin de €65.973 milliún de bharr raon d'íocaíochtaí cnapshuime a rinneadh sa ráithe dheiridh de 2024 nár cuireadh san áireamh sna meastacháin arbh ionann é agus suim iomlán €57.148 milliún. Ar mhaithe leis an méid a bhaineann le híocaíochtaí cnapshuime a mheas (lena n-áirítear íocaíochtaí costas maireachtála), tá an Roinn tar éis anailís a dhéanamh ar shuimeanna a íocadh le linn sheachtain na n-íocaíochtaí aonuaire agus iad a chur i gcomparáid le suimeanna a íocadh roimhe sin agus sna seachtainí ina dhiaidh sin.

Chuimsigh caiteachas iomlán na suimeanna cnapshuime sin €25.143 milliún maidir le híocaíocht dhúbailte bhónais mhí Dheireadh Fómhair, €25.087 a caitheadh ar íocaíocht dhúbailte bhónais na Nollag, €6.845 milliún maidir le cnapshuim €200 ar Liúntas Maireachtála Aonair, agus €74,000 le haghaidh na híocaíochta cnapshuime €100 (in aghaidh an linbh) a íocadh le faighteoirí na hÍocaíochta Tacaíochta Linbh.

Ar na tosca eile a raibh tionchar acu ar an róchaitheamh, bhí níos mó Tairbhithe de Chosaint Shealadach ná mar a ndearnadh meastachán air[1] a raibh Pinsean Stáit (Neamhranníocach) á fháil acu. Bhí sé sin amhlaidh mar gheall ar na deacrachtaí bunúsacha, meastachán cruinn a dhéanamh ar chaiteachas maidir leis an gcohórt sin faighteoirí, atá ag brath i ndeireadh na dála, ar líon agus próifíl na dtairbhithe de chosaint shealadach atá ag teacht chun agus ag fágáil na tíre.

1. Is éard atá i gceist le Tairbhithe de Chosaint Shealadach ná iad siúd a bhfuil cosaint á cur ar fáil dóibh de réir Threoir um Chosaint Shealadach an AE a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagra ar ionradh na Rúise ar an Úcráin in 2022.

**A.4 Liúntas Cuardaitheora Poist**

*Soláthar meastacháin €1,972.708 milliún; olltoradh €1,852.511 milliún*

Is é an príomhthoisc a chuir leis an ngannchaitheamh ná Beochlár a bhí níos ísle go ginearálta ná mar a measadh, de thoradh ar mhargadh saothair láidir. Bhí níos lú faighteoirí ná mar a measadh, dá bharr sin. Bhí an meánlíon seachtainiúil faighteoirí iarbhír a raibh Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil acu (132,389) 10,494 níos ísle ná mar a bhí á mheas. (142,883).

Rinne na sábháiltí sin roinnt cúitimh ar chaiteachas sa bhreis ar raon íocaíochtaí cnapshuime a rinneadh sa ráithe dheiridh de 2024 nach ndearnadh soláthar ina leith sna meastacháin a raibh costas iomlán €55.483 milliún i gceist leo.

**A.5 Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora**

*Soláthar meastacháin €723.621 milliún; olltoradh €752.835 milliún*

Is amhlaidh go bhfuil an róchaitheamh sin de €29.214 milliún de bharr raon d'íocaíochtaí cnapshuime a rinneadh sa ráithe dheiridh de 2024, nach ndearnadh soláthar ina leith sna meastacháin, a raibh costas iomlán de €35.154 milliún i gceist leo.

Chuimsigh caiteachas meastacháin iomlán na mbeart sin €13.41 milliún maidir le híocaíocht dhúbailte bhónais mhí Dheireadh Fómhair, €13.41 a caitheadh ar íocaíocht dhúbailte bhónais na Nollag, agus €8.334 milliún maidir le cnapshuim €100 (in aghaidh an linbh) a íocadh le faighteoirí na hÍocaíochta Tacaíochta Linbh.

Rinneadh an caiteachas breise sin a chúiteamh go páirteach, mar go raibh níos lú tairbhithe de chosaint shealadach a raibh Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora á fáil acu ná mar a measadh roimhe seo.

**A.11 Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim Eile**

*Soláthar meastacháin €43.085 milliún; olltoradh €65.971 milliún*

Bhí an róchaitheamh de €22.886 milliún faoi thionchar go príomha ag caiteachas níos airde ar an Liúntas Costas Laethúil ná mar a measadh. Tharla sé sin tar éis chinneadh an Rialtais in 2024 ráta íocaíochta níos airde a chur ar fáil ar mhaithe le tacú le hIarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta nach bhfuil lóistín acu agus atá ar liosta feithimh le haghaidh cóiríocht ó na Seirbhísí Lóistín um Chosaint Idirnáisiúnta.

Bhí meánluach iarbhír na híocaíochta seachtainiúla (€72.65) €14.12 níos mó ná mar a measadh (€58.53) dá thoradh sin. Chosain sé sin €11.242 milliún. Ní raibh soláthar déanta don chaiteachas breise sin sna meastacháin.

Ina theannta sin, tar éis chinneadh an Rialtais, cuireadh íocaíocht nua níos ísle i bhfeidhm le haghaidh tairbhithe de chosaint shealadach a bhí ag cur fúthu i gcóiríocht shainithe a bhí á cur ar fáil ag an stát. Bhain caiteachas breise €9.753 milliún faoin bhfotheideal sin, mar gheall ar an íocaíocht nua seo a chur ar fáil, agus ní raibh aon soláthar déanta dó sna meastacháin. Bhí sábháiltí comhfhreagracha i gceist le fotheidil eile leasa shóisialaigh lena n-áirítear íocaíochtaí cuardaitheora poist agus teaghlaigh aontuismitheora.

Bhí an caiteachas ar an Scéim Cúnaimh Dhaonnúil níos airde ná mar a measadh chomh maith, rud a bhain leis na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil do dhaoine i ndiaidh tarluithe adhaimsire i gcaitheamh 2024.

**A.12 Clár Fostaíochta Pobail**

*Soláthar meastacháin €350.575 milliún; olltoradh €369.219 milliún*

Is amhlaidh go bhfuil an róchaitheamh sin de €18.644 milliún de bharr raon d’íocaíochtaí cnapshuime go príomha a rinneadh sa ráithe dheiridh de 2024 nach ndearnadh soláthar ina leith sna meastacháin a raibh costas iomlán €11.577 milliún i gceist leo.

Chuimsigh caiteachas meastacháin iomlán na mbeart sin €5.445 milliún maidir le híocaíocht dhúbailte bhónais mhí Dheireadh Fómhair, €5.445 milliún a caitheadh ar íocaíocht dhúbailte bhónais na Nollag, agus €687,000 maidir le cnapshuim €100 (in aghaidh an linbh) a íocadh le faighteoirí na hÍocaíochta Tacaíochta Linbh.

**A.24 Liúntas Míchumais**

*Soláthar meastacháin €2,183.957 milliún; olltoradh €2,408.096 milliún*

Is amhlaidh go bhfuil an róchaitheamh sin de €224.139 milliún de bharr raon d’íocaíochtaí cnapshuime go príomha a rinneadh sa ráithe dheiridh de 2024 nach ndearnadh soláthar ina leith sna meastacháin a raibh costas iomlán €161.906 milliún i gceist leo.

Chuimsigh caiteachas iomlán na mbeart sin €66.525 milliún maidir le cnapshuim €400 a íocadh le faighteoirí ar scéimeanna áirithe míchumais, €41.995 milliún a caitheadh ar íocaíocht dhúbailte bhónais mhí Dheireadh Fómhair, €41.995 milliún a caitheadh ar íocaíocht dhúbailte bhónais na Nollag, €7.011 milliún maidir le cnapshuim ar an Liúntas Maireachtála Aonair agus €4.38 milliún le haghaidh na híocaíochta cnapshuime €100 (in aghaidh an linbh) a íocadh le faighteoirí na hÍocaíocht Tacaíochta Linbh.

Ba é an príomhfhachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh ná meánlíon níos airde faighteoirí ná mar a measadh. Bhí meánlíon seachtainiúil iarbhír na bhfaighteoirí (163,956) 4,090 níos airde ná mar a measadh (159,866). Chosain sé seo €54.588 milliún agus cuirtear i leith líon níos airde daoine a bhfuil íocaíochtaí míchumais á n-éileamh acu, a bhaineann le fás daonra, dul in aois, agus méadú ar líon na gcásanna míchumais a tuairiscíodh. Toisc go bhfuil an scéim ag brath ar an éileamh atá ann di, tá gach iarratasóir a chomhlíonann critéir na scéime i dteideal íocaíocht a fháil.

### A.26 Liúntas Cúramóra

*Soláthar meastacháin €1,146.478 milliún; olltoradh €1,202.533 milliún*

Is amhlaidh go bhfuil an róchaitheamh sin de €56.055 milliún de bharr raon d’íocaíochtaí cnapshuime go príomha a rinneadh sa ráithe dheiridh de 2024 nach ndearnadh soláthar ina leith sna meastacháin a raibh costas iomlán €49.214 milliún i gceist leo.

Chuimsigh caiteachas iomlán na mbeart sin €21.883 milliún maidir le híocaíocht dhúbailte bhónais mhí Dheireadh Fómhair, €21.883 milliún a caitheadh ar íocaíocht dhúbailte bhónais na Nollag agus €5.448 milliún maidir le cnapshuim €100 (in aghaidh an linbh) a íocadh le faighteoirí na hÍocaíochta Tacaíochta Linbh.

Ba é an príomhfhachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh ná meánlíon níos airde faighteoirí ná mar a measadh. Léiríonn sé seo treocht mhéadaitheach i líon na ndaoine atá ag fáil Liúntas Cúramóra, rud atá inchurtha ní hamháin i leith fás daonra agus dul in aois, ach freisin i leith leitheadúlachta níos airde míchumais agus méadú ar líon na ndaoine a bhfuil cúram de dhíth orthu. Toisc go bhfuil an scéim ag brath ar an éileamh atá ann di, tá gach iarratasóir a chomhlíonann critéir na scéime i dteideal íocaíocht a fháil.

### A.27 Liúntas Cúraim Baile

*Soláthar meastacháin €273.79 milliún; olltoradh €288.095 milliún*

Is amhlaidh go bhfuil an róchaitheamh sin de €14.305 milliún de bharr íocaíocht bhónais an Liúntais Cúraim Baile (LCB) Dheireadh Fómhair agus na Nollag a rinneadh sa ráithe dheiridh de 2024 nach ndearnadh soláthar ina leith sna meastacháin, a raibh costas iomlán €10.298 milliún i gceist leo.

Fachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh ná luach meáníocaíochta níos airde ná mar a measadh, de bharr líon níos airde faighteoirí ná a measadh a raibh LCB á fháil acu i dtaca le níos mó ná leanbh amháin. Ba léiriú é ar an ráta fáis a raibh dlús faoi de dhaoine a raibh éileamh á dhéanamh acu ar íocaíochtaí a bhain le cúram, rud a bhain go príomha, i gcás LCB, le mhéadú ar líon na leanaí faoi mhíchumas. Toisc go bhfuil an scéim ag brath ar an éileamh atá ann di, tá gach iarratasóir a chomhlíonann critéir na scéime i dteideal íocaíocht a fháil.

**A.28 Deontas Tacaíochta Cúramóra**

*Soláthar meastacháin €290.454 milliún; olltoradh €351.215 milliún*

Is amhlaidh go bhfuil an róchaitheamh sin de €60.761 milliún de bharr íocaíocht €400 cnapshuime a rinneadh sa ráithe dheiridh de 2024 le faighteoirí na scéime, nach ndearnadh soláthar ina leith sna meastacháin a raibhcostas iomlán €49.559 milliún i gceist leo.

Ba é an príomhfhachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh ná líon níos airde faighteoirí ná mar a measadh. Ba léiriú é ar an ráta fáis a raibh dlús faoi de dhaoine a raibh éileamh á dhéanamh acu ar íocaíochtaí cúraim, a bhí mar thoradh go páirteach ar ardú sa daonra agus daoine ag dul in aois ach mar thoradh chomh maith ar mhéadú ar líon na ndaoine faoi mhíchumas. Toisc go bhfuil an scéim ag brath ar an éileamh atá ann di, tá gach iarratasóir a chomhlíonann critéir na scéime i dteideal íocaíocht a fháil.

**A.31 Sochar Linbh**

*Soláthar meastacháin €2,166.093 milliún; olltoradh €2,555.122 milliún*

Is amhlaidh go bhfuil an róchaitheamh sin de €389.029 milliún de bharr dhá íocaíocht dhúbailte mhíosúla a rinneadh sa ráithe dheiridh de 2024 le faighteoirí na scéime nach ndearnadh soláthar ina leith sna meastacháin a raibh costas iomlán €363.976 milliún i gceist leo.

Fachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh ná cinneadh an Rialtais síneadh a chuir leis an scéim maidir le daoine 18 mbliana d'aois a bhí in oideachas lánaimseartha níos luaithe ná mar a soláthraíodh dó sa mheastachán. Tháinig an síneadh i bhfeidhm ó mhí na Bealtaine in ionad Mheán Fómhair mar a ceapadh a dhéanamh mar chuid de Bhuiséad 2024.

**A.32 Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht**

*Soláthar meastacháin €375.974 milliún; olltoradh €420.881 milliún*

Bhí an róchaitheamh de €44.907 milliún mar gheall ar mheánluach íocaíochta níos airde ná mar a measadh go príomha, a raibh costas €25.048 milliún a baint leis. Baineann éagsúlacht ó bhliain go bliain le meánluach íocaíochta na scéime, ag brath ar ioncam agus teaghlaigh faighteoirí na scéime agus ar an gluaiseacht daoine isteach agus amach as an scéim gach bliain. Tá ráta íocaíochta na scéime socruithe ag 60% den difríocht idir ioncam seachtainiúil an teaghlaigh agus an srian ioncaim atá socruithe ag brath ar mhéid an teaghlaigh.

Is deacair, mar gheall air sin, meánluach seachtainiúil na híocaíochta a mheas go cruinn.

An fachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh sin ná íocaíocht €400 cnapshuime a rinneadh sa ráithe dheiridh de 2024 le faighteoirí na scéime, nach ndearnadh soláthar ina leith sna meastacháin a raibhcostas iomlán €18.521 milliún i gceist leo.

**A.41 Liúntas Breosla**

*Soláthar meastacháin €217.468 milliún; olltoradh €285.593 milliún*

Is amhlaidh go bhfuil an róchaitheamh sin de €68.125 milliún go príomha de bharr íocaíocht €300 cnapshuime a rinneadh sa ráithe dheiridh de 2024 le faighteoirí na scéime nach ndearnadh soláthar ina leith sna meastacháin a raibhcostas iomlán €64.341 milliún i gceist leo.

Ba é an fachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh ná líon beagán níos airde faighteoirí ná mar a measadh, mar gheall ar nádúr éilimh na scéime.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| **Aistriú an Chiste Árachais Shóisialaigh go Vóta 37** | | | | | |
| 1 | Aisghabháil costas tabhaithe ar Vóta 37 a riarann scéimeanna an Chiste Árachais Shóisialaigh | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 188,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,000 | | | |
| | | | 192,500 | 189,061 | 176,766 |
| **Leithreasaí i gcabhair: Eile** | | | | | |
| 2 | Aisghabháil ró-íocaíochtaí ar scéimeanna Vóta 37 a ardaíodh sna blianta roimhe seo | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 48,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,723 | | | |
| | | | 54,223 | 59,844 | 53,449 |
| 3 | Aisíocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh a rinneadh ar dtús faoi Vóta 37 sna blianta roimhe seo | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 3,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (776) | | | |
| | | | 2,724 | 2,601 | 2,836 |
| 4 | Fáltais faoi fhorálacha ‘Dliteanas an Teaghlach a Chothabháil’ i gCuid XII den Acht LS, 2005 | | 246 | 69 | 294 |
| 5 | Fáltais Ard-Chláraitheora bailithe ag an Roinn | | 600 | 627 | 611 |
| 6 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise | | 7,500 | 8,981 | 8,219 |
| 7 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 840 | | | |
| | *Forlíontach* | (840) | | | |
| | | | — | 840 | — |
| 8 | Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna | | 8,999 | 6,447 | 7,492 |

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 9 | Fáltais ón Údarás Pinsean – ranníocaíochtaí aoisliúntais foirne | | 927 | 730 | 750 |
| 10 | Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine | | 2,500 | 599 | 2,710 |
| 11 | Aisghabháil cúnaimh ó dhámhachtainí cúitimh árachais | | 2,600 | 2,935 | 4,262 |
| 12 | Fáltais ó Chúnamh Bia agus Ábhar (páirtmhaoinithe ó CSE+) | | 860 | 1,005 | 1,982 |
| 13 | Aisghabháil ró-íocaíochtaí ón Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 2,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,970 | | | |
| | | | 12,470 | 12,628 | 9,560 |
| 14 | Aisghabháil ró-íocaíochtaí don Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta (SFPF) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 5,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 30,379 | | | |
| | | | 35,379 | 35,076 | 30,665 |
| 15 | Ilghnéitheach | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,515 | | | |
| | | | 7,515 | 9,619 | 12,199 |
| 16 | Fáltais ó REACT-EU | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 53,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,057) | | | |
| | | | 47,943 | 47,942 | — |
| | | | **376,986** | **379,004** | **311,795** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasaí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**2 Aisghabháil ró-íocaíochtaí ar scéimeanna Vóta 37 a ardaíodh sna blianta roimhe seo**

*Soláthar meastacháin €48.5 milliún; iomlán faighte €59.844 milliún*

Baineann fáltais faoin bhfotheideal sin le haisghabháil ró-íocaíochta ar scéimeanna agus seirbhísí Vóta 37, agus áirítear leo dhá eilimint.

- Aisghabháil airgid thirim
- Déileáiltear le hasbhaintí aisghabhála ró-íocaíochta mar ioncam nuair a dhéantar an aisghabháil tar éis dheireadh na bliana inar tharla an ró-íocaíocht.

Ar deireadh thiar thall, is an tionchar is mó a bhíonn ar fháltais ná líon agus luach na aisghabhálacha a dhéantar a bhfuil éagsúlacht ag baint leo ó thaobh céatadáin de go stairiúil, ó mhí go mí agus ó bliain go bliain araon.

Bhí na fáltais €11.344 milliún níos airde in 2024 ná mar a measadh go mbeadh siad. Is léargas ar chur i bhfeidhm mhodhanna nua íocaíochta, agus gníomhartha méadaithe aisghabhálacha araon iad sin, chomh maith le deacracht meastachán cruinn a dhéanamh 12 mhí roimh ré maidir le fáltais.

**3 Aisíocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh a rinneadh ar dtús faoi Vóta 37 sna blianta roimhe seo**

*Soláthar meastacháin €3.5 milliún; iomlán faighte €2.601 milliún*

Úsáidtear an fotheideal sin chun aisghabháil cúnaimh shóisialaigh ón gCiste Árachais Shóisialaigh a thaifeadadh i gcás ina ndéantar coigeartú idir-scéime maidir le híocaíochtaí ar chóir a bheith eisithe ó cheart ón CÁS, tar éis dheireadh na bliana airgeadais. Tarlaíonn sé sin de ghnáth nuair a dhéanann duine éileamh ar liúntas forlíontach leasa, nó go ndéantar cinneadh nó go dtugtar achomharc chun críche maidir le héileamh a bhaineann le sochar árachais shóisialaigh.

Braitheann na fáltais ag deireadh an lae ar líon agus cineál na gcinntí a dhéantar maidir leis na héilimh/hachomhairc atá i gceist. Baineann éagsúlacht leo sin ó thaobh céatadáin de go stairiúil, ó mhí go mí agus ó bhliain go bliain araon.

**4 Fáltais faoi fhorálacha 'Dliteanas an Teaghlach a Chothabháil' i gCuid XII den Acht LS, 2005**

*Soláthar meastacháin €246,000; iomlán faighte €69,000*

Tháinig deireadh le forálacha dlíthiúla maidir le daoine gaoil faoidhliteanas i ndiaidh tús a chur leis an Acht um Leas Sóisialach agus um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024 an 4 Meitheamh 2024. Mar thoradh air sin, bhí fáltais iarbhír €177,000 níos ísle ná mar a measadh.

**6 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise**

*Soláthar meastacháin €7.5 milliún; iomlán faighte €8.981 milliún*

Bhí na fáltais iarbhír €1.481 milliún níos airde ná mar a measadh mar gheall ar arduithe pá dá bhforáiltear faoi chomhaontú pá Ag Dul Ó Neart Go Neart.

Bhí meastachán 2024 bunaithe ar an olltoradh a bhí ag teacht chun cinn i dtreo dheireadh 2023, agus níor cuireadh na harduithe pá sin san áireamh.

**8 Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna**

*Soláthar meastacháin €8.999 milliún; iomlán faighte €6.447 milliún*

Bhí fáltais iarbhír ón gCiste Socrúcháin Taithí Oibre €2.552 milliún níos ísle ná mar a measadh, de thoradh go príomha ioncam a rabhthas ag súil leis toisc nár baineadh amach an Clár Socrúcháin Taithí Oibre.

Tharla sé sin mar gheall ar chinneadh na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta gan páirtmhaoiniú a chur ar fáil don scéim tríd an gCiste Oiliúna Náisiúnta, mar gheall gur baineadh an scéim ón bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta.

**9 Fáltais ón Údarás Pinsean – ranníocaíochtaí aoisliúntais foirne**

*Soláthar meastacháin €927,000; iomlán faighte €730,000*

Bhí na fáltais iarbhír faoin bhfotheideal sin €197,000 níos lú ná mar a measadh. Bhí an meastachán bunaithe ar na laghdaithe aoisliúntais réamh-mheasta ag an Údarás Pinsean trí phárolla ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2024, agus bhí an ranníoc aoisliúntais breise san áireamh (ASC). Baineann na fáltais iarbhír a fuarthas leis an tréimhse Nollaig 2023 go Samhain 2024 (toisc go n-íoctar iad leis an Roinn an mhí i ndiaidh a bhaintear iad ón bpárolla) agus níl ASC san áireamh.

**10 Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine**

*Soláthar meastacháin €2.5 milliún; iomlán faighte €599,000*

Tá leithdháileadh €2.5 milliún san áireamh mar chuid de Phlean Gníomhartha na gCuntas Díomhaoine 2024, ar mhaithe le beart a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le cúramóirí fanacht i bhfostaíocht nó oideachas nó cabhair a chuir ar fáil filleadh ar an bhfostaíocht, oideachas nó oiliúint.

Tá cuid mhaith ama i gceist idir an t-iarratas ar bheart Cuntas Díomhaoin agus sula gceadaítear an beart mar chuid de Phlean Gníomhartha na gCuntas Díomhaoin ag an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus na Gaeltachta, an comhaontú maidir le conradh idir Pobal, ceapadh an bhirt, an glaoch chun iarratas ó ghrúpaí agus an próiseas measúnuithe agus bronnta ina dhiaidh sin.

Bhí leibhéal níos ísle fáltas réadaithe in 2024 ná mar a rinneadh soláthar dóibh sna meastacháin, mar thoradh ar chineál agus tráthúlacht an phróisis.

**11 Aisghabháil cúnaimh ó dhámhachtainí cúitimh árachais**

*Soláthar meastacháin €2.6 milliún; iomlán faighte €2.935 milliún*

Aisghabhann an scéim Aisghabhála Sochar agus Cúnaimh luach íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe a bhaineann le breoiteacht ó dhámhachtainí cúitimh a dhéantar do dhuine mar thoradh ar éileamh díobhála pearsanta. Mar sin, tá an Roinn ag brath ar réiteach éileamh díobhála pearsanta chun na sochair ábhartha a ghnóthú. Braitheann tráthúlacht réitigh na n-éileamh seo ar na páirtithe a bhfuil baint acu leis an éileamh díobhála pearsanta, ar an mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta agus/nó ar na cúirteanna agus mar sin is deacair é a thuar. Dá réir sin, is féidir leis an méid a bheith éagsúil ó bhliain go bliain, rud a léirítear sa mhéid is go raibh na fáltais iarbhír €335,000 níos airde ná mar a measadh..

**12 Fáltais ó Chúnamh Bia agus Ábhar (páirtmhaoinithe ó CSE+))**

*Soláthar meastacháin €860,000; iomlán faighte €1.005 milliún*

Bhí na fáltais iarbhír maidir leis an bhfotheideal sin €145,000 níos airde ná mar a measadh mar gheall ar an aisíoc éileamh deiridh faoin gclár a bheidh á fháil i mí na Nollag 2024. Ní rabhthas ag súil leis an ioncam sin agus na meastacháin á gcur le chéile.

**13 Aisghabháil ró-íocaíochtaí ón Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP)**

*Soláthar meastacháin €2.5 milliún; iomlán faighte €12.628 milliún*

Ó dúnadh an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá in 2020, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag aisghabháil ró-íocaíochtaí gan íoc ó fhostóirí. Bhí an meastachán sin bunaithe ar an ionchas go mbeadh leibhéal na ró-íocaíochtaí a aisghabhadh ag leanúint leis ag titim ar bhonn bliain ar bhliain, mar a tharla ó dúnadh an scéim, ach ní mar seo a thit amach. Mar thoradh air sin, bhí fáltais iarbhír €10.128 milliún níos airde ná mar a measadh.

**14 Aisghabháil ró-íocaíochtaí ón Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta (SFPF)**

*Soláthar meastacháin €5 mhilliún; iomlán faighte €35.076 milliún*

Ó dúnadh an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá i mí na Bealtaine 2022, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag aisghabháil ró-íocaíochtaí gan íoc ó fhostóirí. Bhí an meastachán sin bunaithe ar an ionchas go mbeadh leibhéal na ró-íocaíochtaí a aisghabhadh ag leanúint leis ag titim ar bhonn bliain ar bhliain, mar a tharla ó dúnadh an scéim, ach ní mar seo a thit amach. Mar thoradh air sin, bhí na fáltais iarbhír €30.076 milliún níos airde ná mar a measadh.

**15 Ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin €1 milliún; iomlán faighte €9.619 milliún*

Úsáidtear an fotheideal sin chun fáltais a thaifeadadh nach raibh beartaithe nuair a tugadh na meastacháin chun críche agus fáltais bheaga freisin ar nós seiceanna cealaithe a thabhairt ar ais.

Bhí fáltais €8.619 milliún níos mó ná mar a measadh, go príomha mar gheall orthu seo a leanas.

- Aisghabháil €2.372 milliún in aisíocaíochtaí maidir le réamhíocaíochtaí agus táillí ó sholáthraithe Páirtithe Intreo na Seirbhíse Fostaíochta Limistéir Áitiúil.
- Aisghabháil farasbairr €1.987 milliún in aisíocaíochtaí ón mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CIB) maidir le 2023.
- Aisghabháil €1.968 milliún in aisíocaíochtaí maidir le cúlchnapanna oibriúcháin ó sholáthraithe seirbhíse EmployAbility.
- Aisghabháil €1.248 milliún in aisíocaíochtaí ó sholáthraithe JobPath go príomha i leith táillí a íocadh i mblianta roimhe seo chun cuntas a thabhairt ar chur i bhfeidhm lascaine bunaithe ar fheidhmíocht an mhargaidh saothair. Ríomhtar lascainí bunaithe ar fheidhmíocht an mhargaidh saothair sa bhliain roimhe sin.

**16 Fáltais ó REACT-EU**

*Soláthar meastacháin €53 milliún; iomlán faighte €47.942 milliún*

Bhí na fáltais iarbhír maidir leis an bhfotheideal sin €5.058 milliún níos lú ná mar a measadh, mar gheall ar chleachtas caighdeánach an AE, 10% de luach iomlán éileamh na Roinne ó chiste React-EU a choimeád go dtí go mbeadh teacht ar thorthaí iniúchta deiridh.

### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | — | — |
| Airgead coinsiasa | 4 | 8 |
| Costais finnéithe | — | 2 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (3) | (10) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **1** | — |

### 4.3 Ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa a ghnóthú

Tá an Láraonad Fiachais (LAF) freagrach as ró-íocaíochtaí custaiméirí aonair taifeadta agus aisghabháil fiachais a bhainistiú. [a]

Seo a leanas an seasamh achomair ar ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa taifeadta agus fiachas arna bhainistiú ag an LAF amhail an 31 Nollaig 2024.

| | | 2024 Olltoradh | | 2023 Olltoradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí amuigh amhail an 1 Eanáir 2024 | | 397,533 | | 382,908 |
| Glanmhéid na ró-íocaíochtaí a taifeadadh | | | | |
| Calaois amhrasta | 20,530 | | 14,530 | |
| Earráid custaiméara | 47,180 | | 44,015 | |
| Earráid oifigiúil | 1,123 | | 1,167 | |
| Cásanna eastáit | 23,698 | | 22,643 | |
| | | 92,531 | | 82,355 |
| | | 490,064 | | 465,263 |
| *Lúide:* | | | | |
| Fiachas aisghafa [b] | (65,624) | | (59,412) | |
| Coigeartú aisghabhála [c] | 484 | | 321 | |
| | | (65,140) | | (59,091) |
| Fiachais na bliana roimhe sin curtha ar ceal [d] | | (4,355) | | (4,366) |
| Fiachas a díscríobhadh mar dho-aisghabhála [e] | | (4,595) | | (4,273) |
| **Ró-íocaíochtaí amuigh amhail an 31 Nollaig 2024** | | **415,974** | | **397,533** |

Nóta [a] Is é an limistéar scéime faoi seach a riarann bainistíocht ró-íocaíochtaí agus aisghabhálacha fiachais a eascraíonn as comhaontuithe caidrimh chonarthaigh nó leibhéal seirbhíse le heintitis chorparáideacha a sholáthraíonn grúpscéimeanna ar nós Fostaíocht Phobail, agus ní luaitear anseo iad. B'ionann aisghabhálacha iomlána 2024 do na scéimeanna sin agus €650,000 (2023: €242,000).

In 2024, riar na Coimisinéirí Ioncaim aisghabhálacha fiachais don Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus don Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) nach dtuairiscítear anseo. Déantar aisghabhálacha €35,000 le haghaidh ró-íocaíochtaí 2024 a ghlanluacháil as caiteachas scéime SFSP 2024 agus SFPF (2023: €101,000). Áirítear aisghabhálacha €47.7 milliún do ró-íocaíochtaí na mblianta roimhe sin i Leithreasaí i gcabhair, Nóta 4.1 (2023: €40.2 milliún).

[b] Déantar anailís ar mhéid an fhiachais a aisghabhadh in 2024 mar seo a leanas: (a) €59.3 milliún breactha go dtí ioncam maidir le fiacha na bliana roimhe (b) €6.3 milliún breactha go dtí caiteachas maidir le fiacha na bliana reatha.

[c] Baineann an coigeartú le haisghabhálacha taifeadta i mblianta roimhe sin a cuireadh ar ceal i rith na bliana.

[d] Baineann fiachais na bliana roimhe a cuireadh ar ceal le ró-íocaíochtaí a ardaíodh sna blianta roimhe sin a cuireadh ar ceal in 2024. Tuairiscítear aon ró-íocaíocht nua ina dhiaidh sin a ardaítear mar thoradh ar achomharc nó ar chinneadh athbhreithnithe faoi ghlan-ró-íocaíochtaí taifeadta.

[e] Díscríobhadh fiachais arbh fhiú €4.6 milliún iad le linn 2024. Ba ionann €2.8 milliún agus díscríobhanna a rinneadh faoi bheartas bliantúil na Roinne ina ndéantar athbhreithniú ar fhiacha reatha i dtéarmaí cibé an bhfuil sé eacnamaíoch dul sa tóir orthu nó an bhfuil siad do-inghnóthaithe. Rinneadh an chuid eile de na díscríobhanna sa ghnáthchúrsa gnó. Áirítear le figiúr díscríofa fiachais 2024, 156 custaiméir a raibh fiachais aonair níos mó ná €10,000 díscríofa acu ar luach iomlán €5.1 milliún (Vóta: €3.8 milliún; CÁS: €1.3 milliún).

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Roinn | 7,037 | 6,801 |
| Gníomhaireachtaí[a] | 162 | 159 |
| **Iomlán** | **7,199** | **6,960** |

Nóta [a] An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an tÚdarás Pinsean.

### 5.2 Pá

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 360,641 | 336,138 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,388 | 1,524 |
| Liúntais eile | 1,831 | 1,807 |
| Ragobair | 4,132 | 4,494 |
| ÁSPC an Fhostóra | 30,438 | 27,239 |
| **Pá iomlán** | **398,430** | **371,202** |

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 349,556 | 325,749 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,312 | 1,524 |
| Liúntais eile | 1,831 | 1,683 |
| Ragobair | 4,132 | 4,494 |
| ÁSPC an Fhostóra | 29,293 | 26,178 |
| **Pá iomlán** | **386,124** | **359,628** |

Nóta [a] Dáiltear an figiúr pá iomlán trasna gnéithe pá d'fho-mhírchinn riaracháin A.i agus A.viii.

**Luach saothair fhoireann na gníomhaireachta**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 11,085 | 10,389 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 76 | 124 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,145 | 1,061 |
| **Pá iomlán** | **12,306** | **11,574** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre [a]

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 437 | 31 | 26,701 | 49,082 |
| Ragobair | 1,805 | 76 | 24,086 | 27,893 |
| Liúntais sealoibre agus uainchláir | 38 | 20 | 17,384 | 15,999 |
| Ilghnéitheach | 340 | 15 | 37,660 | 35,580 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 304 | 97 | 38,708 | 33,623 |
| **Foireann na Gníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 13 | 3 | 15,034 | 16,426 |

Nóta [a] Baineann na liúntais, ragobair agus sonraí luacha saothair eile sa nóta sin le fostaithe na Roinne agus fostaithe na ngníomhaireachtaí sonraithe i nóta 5.1 thuas.

## 5.4 Bandaí pá fostaithe na Roinne

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a bhfuil a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 aníos mar seo a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 5,594 | 5,430 |
| 60,000 | 69,999 | 736 | 759 |
| 70,000 | 79,999 | 347 | 199 |
| 80,000 | 89,999 | 143 | 158 |
| 90,000 | 99,999 | 100 | 55 |
| 100,000 | 109,999 | 40 | 38 |
| 110,000 | 119,999 | 34 | 23 |
| 120,000 | 129,999 | 13 | 8 |
| 130,000 | 139,999 | 5 | — |
| 140,000 | 149,999 | 1 | — |
| 150,000 | 159,999 | 0 | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 3 | 4 |
| 170,000 | 179,999 | 3 | 4 |
| 180,000 | 189,999 | 4 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | 1 |
| 230,000 | 239,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas sin caiteachas €715,792 i leith 10 oifigeach a bhí ar seirbhís lasmuigh den Roinn don bhliain iomlán nó cuid de 2024 agus ar íoc an Roinn a dtuarastail. Déanann an Roinn na costais sin a fhorchúiteamh ó eagraíochtaí eile.

## 5.6 Scaoilíocaíocht/iomarcaíocht

I rith 2024, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta de €39,440 le naonúr ball foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht.

## 5.7 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 1,309 | 2,282 | 1,720 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 337 | 1,031 | 1,028 |

Nóta [a] Aistríodh pleananna aisghabhála ró-íocaíochtaí a raibh luach €38,671 acu chuig ranna/oifigí éagsúla rialtais in 2024.

## 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Bunphá | **238** | **227** |

Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall de scéim aoisliúntais roimh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní theann a t(h)eidlíochtaí chuige sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn/Oifig sa bhliain**

| | Éilimh ag | | | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fostaithe | Daoine den phobal | | | 2024 | 2023 |
| | Díobhálacha pearsanta [a] | Díobhálac pearsanta [b] | Scéimeanna na Roinne | Eile [c] | | |
| Líon na gcásanna | 8 | 3 | 5 | 23 | 39 | 34 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | 51 | 1 | 6 | - | 58 | 20 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/Oifig nó thar a ceann | | | | | | |
| Cúiteamh | 114 | — | 125 | 50 | 289 | 177 |
| Costais dlí | — | — | — | 860 | 860 | 290 |
| Costais eile | 16 | 1 | 1 | — | 18 | 13 |
| **2024 Iomlán** | **181** | **2** | **132** | **910** | **1,225** | **500** |
| Iomlán 2023 | 143 | 22 | 56 | 279 | 500 | |

Nóta [a] Cásanna iomlána 8. Bhí na suimeanna a íocadh i leith daoine aonair idir na réimsí €215 go €94,000.

[b] Cásanna iomlána 3. Bhí na suimeanna a íocadh i leith daoine aonair idir na réimsí €99 go €792.

[c] Cásanna iomlána 23. Bhí costais iomlána aonair sna réimsí €7,104 go €106,000. Baineann 22 cás le costais dlí le páirtithe eile. Bhain cás amháin le cúiteamh agus costais dhlíthiúla do pháirtithe eile.

**Costais charnacha na gcásanna a tugadh chun críche in 2024**

| | Éilimh ag | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Fostaithe | Daoine den phobal | | | 2024 |
| | Díobhálacha pearsanta | Díobhálacha pearsanta | Scéimeann a na Roinne | Eile | |
| Líon na gcásanna | 2 | 1 | 4 | 23 | 30 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 1 | — | — | 1 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/Oifig nó thar a ceann | | | | | |
| Cúiteamh | 3 | — | 125 | 50 | 178 |
| Costais dlí | — | — | — | 860 | 860 |
| Costais eile | 12 | — | 1 | — | 13 |
| **2024 Iomlán** | **15** | **1** | **126** | **910** | **1,052** |

### 6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Íocadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €3.36 milliún iad (€3.17 milliún in 2023) le daoine a tháinig slán as neachtlanna Mhaigdiléana agus institiúidí eile in 2024.

Íocadh €682,000 (€1.4 milliún in 2023) ex-gratia le maoirseoirí Fostaíochta Pobail (FP) i leith 45 maoirseoir iar-FP agus maoirseoir cúnta FP in 2024.

### 6.3 Maoiniú ón AE

Áirítear leis an olltoradh a thaispeántar i bhfotheidil A.1 go A.43 íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an AE.

| **Cur síos fotheidil:** | | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| | **Meastachán** | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Cúnamh Bia agus Ábhar (páirtmhaoinithe ó CSE+) | 5,700 | 5,586 | 1,982 |
| Clár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta (EaSI) | — | — | 327 |
| JobsPlus | 739 | 739 | 280 |
| Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair (LFFO) | 2,600 | 2,008 | 2,817 |

### 6.4 Íocaíochtaí úis dhéanaigh

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Íocaíochtaí úis | **7** | **10** |

### 6.5 Géilleadh iarchurtha

Is éard atá i gceist le géilleadh iarchurtha ná coigilteas €1.38 milliún i gcaiteachas caipitil in 2024 san fho-cheannteidil seo a leanas a tugadh anonn go dtí 2025.

| | **€000** |
|---|---|
| A.2 (vi) Costais áitribh | **1,380** |

## Aguisín A Achoimre ar Chaiteachas na Scéime Coimirce Sóisialaí

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€milliún** | **€milliún** |
| **Vóta 37** | | |
| **Caiteachas comhlán** | 13,727 | 12,799 |
| | | |
| **Lúide caiteachas neamh-scéime** | | |
| Riarachán | (627) | (600) |
| Fóirdheontas an CÁS | — | — |
| Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | (62) | (59) |
| Seirbhísí ilghnéitheacha | (2) | (5) |
| **Vóta 37 caiteachas na scéime (A)** | **13,036** | **12,135** |
| | | |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | |
| **Caiteachas comhlán** | **14,603** | **13,366** |
| | | |
| **Lúide caiteachas neamh-scéime** | | |
| Riarachán | (294) | (280) |
| An Tobhach Náisiúnta Oiliúna | (1,155) | (1,066) |
| **Caiteachas scéim an Chiste Árachais Shóisialaigh (B)** | **13,154** | **12,020** |
| | | |
| **Caiteachas iomlán scéim na Roinne (A+B)** | **26,190** | **24,155** |
| | | |
| *Ienar bhain* | | |
| *Scéimeanna Príomhshrutha* | *26,188* | *24,147* |
| *Scéimeanna Covid-19* | *2* | *8* |
| **Caiteachas iomlán na Roinne ar scéimeanna** | **26,190** | **24,155** |

Nóta [a] Is mar gheall ar shlánú aon suimeanna iomlána neamhréireacha.

## Miondealú ar chaiteachas na scéimeanna

| Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire | 2024 €milliún | 2023 €milliún |
|---|---|---|
| **Pinsin** | | |
| Pinsin Stáit (Ranníocach) | 7,858 | 7,089 |
| Pinsin Stáit (Neamhranníocach) | 1,336 | 1,229 |
| Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | 1,954 | 1,813 |
| **Iomlán** | **11,148** | **10,131** |
| **Tacaíochtaí Ioncaim Aois Oibre** | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 1,852 | 1,823 |
| Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora | 753 | 680 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 504 | 438 |
| Sochar Cuardaitheora Poist do Dhaoine Féinfhostaithe | 10 | 10 |
| Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta | 31 | 23 |
| Sochar Máithreachais | 285 | 269 |
| Sochar Atharthachta, Sochar do Thuismitheoirí agus Sochar Uchtaíoch | 111 | 93 |
| Liúntas Leasa Forlíontach Bunúsach, | 128 | 121 |
| Cúnamh Feirme | 52 | 54 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 61 | 63 |
| Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim Eile | 66 | 40 |
| Íocaíochtaí Riachtanas Breise | 72 | 72 |
| Sochair Chóireála agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta | 160 | 143 |
| Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamhranníocach) | 13 | 12 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **4,099** | **3,842** |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha** | | |
| Liúntas Cíosa | — | — |
| Cúnamh Bia agus Ábhar | 6 | 6 |
| Íocaíochtaí Neachtlanna Maigdiléana agus Institiúidí eile | 3 | 3 |
| Forlíonadh Cíosa | 57 | 63 |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | 291 | 286 |
| Liúntas Tacaíochta Teileafóin | 21 | 19 |
| Liúntas Breosla | 511 | 502 |
| Saorthaisteal | 97 | 93 |
| **Iomlán** | **986** | **972** |

| Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire | 2024<br>€milliún | 2023<br>€milliún |
|---|---|---|
| **Aois Oibre Tacaíochtaí Fostaíochta** | | |
| Fostaíocht don Phobal | 369 | 341 |
| Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | 32 | 31 |
| An Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | 30 | 30 |
| Tús | 84 | 83 |
| JobsPlus | 3 | 4 |
| Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta | 5 | 5 |
| Scéim Shóisialta Tuaithe | 51 | 50 |
| Tionscnamh Post | 10 | 11 |
| Clár Socrúcháin Taithí Oibre | 3 | 3 |
| Sochar Cumais Pháirtigh | 26 | 25 |
| Scéimeanna na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí ar Conradh (SFP) | 71 | 59 |
| Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 (SFSP) | — | 1 |
| Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPF) | 2 | 6 |
| **Iomlán** | **686** | **649** |
| | | |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | |
| Liúntas Míchumais | 2,408 | 2,174 |
| Sochar Breoiteachta | 686 | 662 |
| Pinsean Easláine | 853 | 794 |
| Íocaíocht Cúramóra | 1,267 | 1,139 |
| Deontas Tacaíochta Cúramóra | 351 | 332 |
| Liúntas Cúraim Baile | 288 | 259 |
| Scéim Fóirdheontas Pá | 23 | 22 |
| Sochar Míthreorach | 76 | 74 |
| Pinsean na nDall | 14 | 13 |
| Sochar Báis | 11 | 11 |
| Sochar Díobhála agus Cúram Leighis | 7 | 9 |
| Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais | 23 | 10 |
| **Iomlán** | **6,007** | **5,499** |
| | | |
| **Leanaí** | | |
| Sochar Linbh | 2,555 | 2,428 |
| Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht | 421 | 392 |
| An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair | 10 | 10 |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua | 57 | 86 |
| Béilí Scoile | 181 | 109 |
| Íocaíochtaí Eile Bainteach le Leanaí | 40 | 37 |
| **Iomlán** | **3,264** | **3,062** |
| | | |
| **Glanchaiteachas ar na scéimeanna go léir** | **26,190** | **24,155** |